# Seán Lemass (1899-1971)

Ba dhuine de bhunaitheoirí Saorstát na hÉireann é Seán Lemass a raibh tionchar ollmhór aige ar an tír. Throid sé in Éirí Amach na Cásca. Sheas sé le hÉamon de Valera le linn an Chogaidh Chathartha agus rinneadh Teachta Dála de sa bhliain 1924. Bhí sé ina Thaoiseach agus ba pholaiteoir nuálach agus tionsclaíoch é a chaith os cionn 40 bliain ag obair sa Dáil.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Seán Lemass (1899-1971)

Féach ar an bhfíseán faoi Sheán Lemass. Agus tú ag breathnú air, abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| Bhí Seán Lemass ina Aire Soláthairtí sa Chogadh Cathartha | | B |
| Ba é Lemass a tháinig aníos le ciondáil | | |
| Ní raibh Éire neodrach le linn an Dara Cogadh Domhanda | | |
| Bhí bunú loingseoireachta ar cheann de na beartais a thug de Valera isteach le linn na hÉigeandála | | |
| Maraíodh a lán daoine nuair a chuaigh long de chuid na hÉireann The Pine go tóin poill | | |
| Bhí ganntanas ollmhór breosla in Éirinn le linn an Dara Cogadh Domhanda | | |
| Ba é an Glimmerman nó Fear Fannléis an duine a choinnigh súil ar úsáid an gháis sa tír le linn na hÉigeandála | | |
| Thosaigh daoine sna cathracha móra ag coinneáil sicíní agus ag fás glasraí toisc go raibh an bia an-ghann | | |
| Ní dheacaigh duine ar bith ó Éirinn go dtí an Bhreatain ag obair | | |
| Chuaigh na mílte Éireannach isteach i bhfórsaí na Breataine le linn an Dara Cogadh Domhanda | | |

# Seán Lemass (1899-1971)

Anois, léigh an t-alt seo faoi Sheán Lemass agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis.

Seán Lemass

Rugadh Seán Lemass sa bhliain 1899 i mBaile Átha Cliath. Bhí siopa ag a mhuintir ar Shráid Chéipil, áit ar dhíol siad hataí le mná na cathrach. Ba é Seán an dara duine de sheachtar clainne. Bhí luí i gcónaí ag Muintir Lemass leis an ngluaiseacht náisiúnach. Chuaigh sé agus a dheartháir Noel isteach sna hÓglaigh agus iad sna déaga agus ba é Seán cuntóir Éamoin de Valera le linn Éirí Amach 1916. Throid Lemass in Ard-Oifig an Phoist le linn an Éirí Amach agus cuireadh isteach sa phríosún é ar feadh tamaill. Le linn Chogadh na Saoirse bhí Lemass mar chuid den 'Scuad' a bhí ag Mícheál Ó Coileáin cé nár admhaigh sé de sin riamh.

Nuair a síníodh an Conradh Angla-Éireannach ghlac Seán agus a dheartháir Noel taobh na bPoblachtánach agus sheas siad le hÉamon de Valera. Le linn an Chogaidh Chathartha cuireadh Lemass sa champa géibhinn a bhí bunaithe sa Churach. Scaoileadh amach é áfach nuair a dúnmharaíodh a dheartháir Noel go barbartha thuas i sléibhte Bhaile Átha Cliath. Chuir dúnmharú gránna Noel uafás ollmhór ar an dá thaobh den Chogadh Cathartha agus bhí sin ar cheann de na cúiseanna ba mhó a toghadh Lemass ina Theachta Dála de chuid Sinn Féin sa bhliain 1924. Bhí Lemass ina Theachta Dála i nDáil Éireann ón mbliain sin go dtí 1969 – sin 45 bliain. Tháinig lagmhisneach ar Éamon de Valera le linn luathbhlianta na Dála ach spreag Lemass é an páirtí polaitíochta Fianna Fáil a bhunú sa bhliain 1926 agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa Dáil. Mhair an caidreamh polaitiúil idir Lemass agus de Valera ar feadh breis agus tríocha bliain.

# Seán Lemass (1899-1971)

Nuair a d'éirigh le Fianna Fáil rialtas a chruthú sa bhliain 1932, bhí Lemass ag iarraidh a bheith ina Aire Airgeadais ach rinneadh Aire Tionsclaíochta agus Tráchtála de. Ba é an tAire ab óige sa rialtas é. Le linn an Dara Cogadh Domhanda bhí Lemass ina Aire Soláthairtí é. Ról an-tábhachtach a bhí ann. Bhí an bia an-ghann le linn an Chogaidh agus glaodh an Éigeandáil ar an tréimhse ama sin. Bhí ar Lemass a chinntiú go raibh go leor bia ann do mhuintir na hÉireann. Ní raibh loingeas tráchtála ag an tír ag an am agus bhíothas ag brath go mór ar loingeas na Breataine le bia a iompórtáil go hÉirinn. Bheartaigh Lemass loingeas a chur le chéile d'Éirinn. Ní gan dua a rinne sé sin agus deirtear gur shábháil Lemass an pobal ó bhaol an ghorta le linn na hÉigeandála. Chuidigh an loingeas freisin le hiompórtáil breosla go hÉirinn, rud a choinnigh an tír ag feidhmiú agus thug sé ciondáil isteach den chéad uair riamh.

Nuair a d'éirigh Éamon de Valera as an bpolaitíocht le bheith ina Uachtarán sa bhliain 1959 bhí an cosán leagtha síos aige do Lemass agus, ag aois 60 bliain dó, rinneadh Taoiseach de. Ba Thaoiseach thar a bheith rathúil é. Thug sé a lán leasuithe tábhachtacha isteach a láidrigh géilleagar na hÉireann in éineacht leis an Státseirbhíseach cáiliúil T K Whitaker. Thug a rialtas oideachas dara leibhéal saor in aisce isteach agus rinne sé gach iarracht an nasc idir an Eoraip agus Éire a láidriú. Nuair a d'éirigh sé as sa bhliain 1966 bhí cion, meas agus gean an phobail air. Fuair sé bás sa bhliain 1971 agus, cé go raibh sochraid Stáit aige, cuireadh i reilig Ghráinseach an Déin é.

# Seán Lemass (1899-1971)

## Gluais

An Ghluaiseacht náisiúnach = an feachtas le poblacht a dhéanamh d'Éirinn
Scaoileadh amach é = ligeadh saor é
An-ghann = an-tearc, deacair teacht air
Ciondáil = nuair a chuirtear srianta ar bhia, ar sheirbhísí agus ar bhreosla le cinntiú go bhfuil go leor ann do gach duine. Tarlaíonn ciondáil go minic le linn tréimhsí cogaíochta.
Rathúil = nuair a éiríonn go maith le duine/ le rud
Gean = grá/meas

## Ceisteanna

1. Cén áit ar rugadh Seán Lemass agus cén bhliain?
2. Cén grúpa lenar bhain na deartháireacha Lemass agus iad sna déaga?
3. Cá háit ar throid Lemass san Éirí Amach i 1916?
4. Cad a tharla do Noel Lemass le linn an Chogaidh Chathartha?
5. Céard a tharla do Lemass sa bhliain 1924?
6. Cén páirtí polaitíochta a chruthaigh Lemass le hÉamon de Valera?
7. Cén aireacht a bhí ag Lemass i dtosach?
8. Cén ról a bhí ag Lemass le linn na hÉigeandála?
9. An dóigh leat go raibh na beartais a thug Lemass isteach le linn na hÉigeandála éifeachtach? Cén fáth?
10. Luaigh trí rud dhearfacha a rinne Lemass agus é ina Thaoiseach.

Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta